# An Colún ar Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú: Léargas Ginearálta

***Aistear***
*Téamaí*: Folláine agus Leas, *Féiniúlacht agus Muintearas*, Cumarsáid a Dhéanamh, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*
*Treoirlínte don Dea-Chleachtas* Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lgh. 27-51)

***Caighdeáin* Síolta**
1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3
5: Idirghníomhaíochtaí, C5.1, 5.2, 5.3, 5.4, 5.5
Achoimrí Taighde nasctha leis na *Caighdeáin*

Tá sé mar aidhm ag *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* cabhrú leat i do ról mar fhorbróir curaclaim chun do churaclam a thógáil, machnamh a dhéanamh air, agus cur leis chun tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ag tarraingt ar an taithí atá ag an earnáil ar Aistear agus ar Síolta a úsáid, cuimsíonn an Treoir Chleachtais:

- **Bunchlocha an Churaclaim** agus
- na 6 **Cholún Curaclaim Idirnasctha**:
    1. Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí
    2. An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid
    3. Foghlaim trí mheán an tsúgartha
    4. Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú
    5. Pleanáil agus Measúnú le Téamaí *Aistear*
    6. Tacú le hAistrithe.

Tugtar léargas ginearálta ar an gcolún **Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú** sa cháipéis seo. Tá réimse acmhainní ag baint leis an gcolún seo atá ceaptha le cabhrú leat do chuid idirghníomhaíochtaí leis na leanaí i do shuíomh a fheabhsú.

**Roimh dhul i mbun oibre ar an gcolún seo, molaimid duit roinnt oibre a dhéanamh ar *Bhunchlocha an Churaclaim*.**

## Cén fáth díriú ar idirghníomhaíochtaí a chothú agus a leathnú?

Leagtar béim in *Aistear* agus *in Síolta* ar an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí i leith foghlaim agus forbairt leanaí le linn na luath-óige. Tugtar smaointe agus moltaí sa dá chreat maidir leis an gcaoi chun idirghníomhaíochtaí a chothú agus a leathnú d’fhonn caidrimh ar ardchaighdeán a chothú. Bíonn ról tábhachtach ag cleachtóirí ag cothú na gcaidreamh sin trí idirghníomhaíochtaí comhsheasmhacha ar ardchaighdeán. Bíonn ceangal slán ag teastáil ó naíonáin, ó lapadáin agus ó leanaí óga le duine amháin ar a laghad de na daoine fásta ina suíomh. Mothaíonn leanaí go bhfuil siad slán de bharr an chaidrimh seo agus cuireann sé ar a gcompord agus ar a suaimhneas iad. Cuireann idirghníomhaíochtaí measúla, comhsheasmhacha leis an muinín agus leis an inniúlacht atá ag an leanbh chun meas a léiriú, fiosrú, forbairt agus foghlaim. Imríonn piar-idirghníomhaíochtaí ról tábhachtach i bhfoghlaim agus i bhforbairt an linbh chomh maith.

Is ceann de na colúin é Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú in Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*. Tá roinnt nasc ag an gcolún seo le colúin eile, lena n-áirítear *Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí*, *An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid*, *Foghlaim tríd an Súgradh* agus *Tacú le hAistrithe*. Cuirtear i gcuimhne duit sa réamhrá gairid seo cén fáth a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint le hidirghníomhaíochtaí, tugtar breac-chuntas ar na hacmhainní atá ann sa chuid seo den Treoir Chleachtais, agus tugtar moltaí duit ar na bealaí a bhféadfá iad seo a úsáid.

Deirtear sa phrionsabal maidir le caidrimh in Aistear:

*Tá gá bunúsach ag leanaí a bheith le daoine eile. Foghlaimíonn siad agus forbraíonn siad trí mheán caidrimh ghrámhara, chothaitheacha le daoine fásta agus le leanaí eile, agus tá tionchar ag caighdeán an idirghníomhaithe seo ar a bhfoghlaim agus a bhforbairt (Prionsabail agus téamaí*, 2009, lch. 9).

*Admhaítear freisin sa phrionsabal maidir le caidrimh in* Síolta:

*Tá sé riachtanach go mbeadh comhchaidreamh tuisceanach, cómhalartach ann nach n-athraíonn le himeacht aimsire má táthar chun folláine, foghlaim agus forbairt an pháiste a chinntiú. (Prionsabail Síolta*, 2006, lch. 7).

Aibhsítear i gCaighdeán 5 de *Shíolta*, Idirghníomhaíochtaí, go mbíonn polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais fhollasacha ag teastáil le hidirghníomhaíochtaí fiúntacha a chothú, a leagann béim ar luach an phróisis agus a bhíonn bunaithe ar chóimheas, comhpháirtíocht agus íogaireacht. Díríonn na comhpháirteanna ar na cineálacha éagsúla idirghníomhaíochtaí a thiteann amach, cabhrú le hidirghníomhaíochtaí dearfacha, gach gné den ghnáthamh laethúil a úsáid le hidirghníomhú go dearfach, agus freisin tábhacht na ndaoine fásta féin, maidir lena stíl idirghníomhaithe agus a gcuid idirghníomhaíochtaí lena chéile chomh maith. Cuirtear ar fáil in Achoimre Taighde *Síolta* tuilleadh eolais agus tagairtí maidir le hIdirghníomhaíochtaí.

Aithnítear i dTreoirlínte *Aistear*, Tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí idirghníomhaíochtaí, réimse straitéisí idirghníomhaithe is féidir a úsáid le foghlaim agus le forbairt an linbh a chothú agus a leathnú. Féach Tábla 1.

***Tábla 1: Leanúntas Straitéisí Idirghníomhaíochta Aistear***

| **Caidrimh a Chothú** | **Éascú** | **Eagrú** | **Stiúradh** |
|---|---|---|---|
| Foghlaimíonn leanaí nuair a bhíonn siad i gcomhluadar daoine eile. Áirítear leis an straitéis seo modhanna a úsáideann an duine fásta le caidrimh a chothú agus le timpeallacht a chruthú ina mothaíonn na leanaí slán sábháilte agus muiníneach chun caidreamh a dhéanamh, rioscaí a ghlacadh, taiscéaladh, páirt a ghlacadh in eispéiris dhúshlánacha, agus a gcuid foghlama féin a threorú agus a chomhthreorú. | Foghlaimíonn na leanaí trí ról a bheith acu i roghanna agus i gcinntí a ghlacadh agus trí ligean dóibh a mhothú go bhfuil siadsan i gceannas. Nuair a thugann siad a ndúshláin féin agus a chuireann siad leis an eolas, an tuiscint agus na scileanna atá acu cheana féin, baineann leanaí taitneamh agus tairbhe as a gcuid foghlama. Baineann siad taitneamh as foghlaim trí ghníomhaíochtaí féintionscanta. Tá modhanna le fáil sa straitéis seo a úsáideann an duine fásta le leanaí a spreagadh chun a gcuid foghlama féin a threorú leo féin nó le daoine fásta. | Foghlaimíonn na leanaí i dtimpeallacht atá pleanáilte go maith agus a bhfuil a dóthain acmhainní ar fáil inti. Tá an timpeallacht ionadaíoch do na leanaí ar fad sa suíomh agus déanann sí an fhoghlaim idir dhúshlánach agus thaitneamhach. Tá modhanna le fáil sa straitéis seo a úsáideann an duine fásta lena leithéid de thimpeallacht a chruthú agus a choinneáil, lena n-áirítear machnamh ar an bhfoghlaim a bhíonn ag titim amach sa timpeallacht agus bealaí a phleanáil chun an fhoghlaim sin a fheabhsú. | Foghlaimíonn leanaí trí ghníomhaíochtaí pleanáilte agus treoraithe ina gcuirtear lena réimsí spéise agus lena gcuid taithí. Tá modhanna le fáil sa straitéis seo a úsáideann an duine fásta le díriú ar fhoghlaim an linbh agus chun meonta, luachanna agus dearcthaí, scileanna, eolas, agus tuiscint áirithe a fhorbairt. |

**Foghlaim faoi stiúir an linbh • • • • • • • • • • • • • • • • • • Foghlaim faoi stiúir an duine fhásta**

Sa *Treoir Chleachtais*, téitear i ngleic sna colúin leis an straitéis idirghníomhaithe 'Eagrú': *An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid*, *Tacú le hAistrithe*, agus *Pleanáil agus Measúnú le Téamaí Aistear*.

## Na hacmhainní sa cholún seo a úsáid

Dála na gcolún uile sa Treoir Chleachtais, tá cúig chatagóir d'acmhainní in *Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú*:

1. Uirlisí Féinmheastóireachta
2. Samplaí agus Smaointe don Chleachtas
3. Acmhainní le Comhroinnt
4. Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta
5. Gailearaí.

Tá acmhainní ann a ghabhann le gach aon chatagóir chun tacú leat agus tú ag déanamh do mhachnaimh ar do chleachtas. B'fhéidir gur mhian leat súil a chaitheamh ar na **hUirlisí Féinmheastóireachta** ar dtús d'fhonn cabhrú leat na láidreachtaí atá agat a aithint i dtaobh idirghníomhaíochtaí a chothú agus a leathnú, chomh maith leis na hathruithe a bhreacadh síos is mian leat a dhéanamh. Tá dhá cheann acu seo ann; ceann amháin do na cleachtóirí siúd a oibríonn le leanaí ón mbreith go 3 bliana d'aois agus ceann eile dóibh siúd a oibríonn le leanaí atá 3-6 bliana d'aois.

Ina dhiaidh sin, b'fhéidir go mbeadh suim agat breathnú ar shamplaí agus ar smaointe ó chleachtóirí eile. Tiocfaidh tú orthu seo in Eispéiris Foghlama atá nasctha le téamaí *Aistear*, i bpodchraoltaí gairide, i láithreoireachtaí grianghraf, i ngearrthóga físe agus i leidbhileoga praiticiúla sna rannáin *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Acmhainní le Comhroinnt* ag www.aistearsiolta.ie. Cabhróidh *na hUirlisí Pleanála Gníomhaíochta* leat pleanáil le haghaidh na n-athruithe ar leith a shocróidh tú a dhéanamh i do shuíomh.